Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**12193/24**

| | |
|---|---|
| **ESPACE 70** | **TELECOM 239** |
| **RECH 356** | **MI 693** |
| **COMPET 780** | **ENER 377** |
| **IND 361** | **EMPL 369** |
| **EU-GNSS 11** | **CSC 469** |
| **TRANS 343** | **CSCGNSS 1** |
| **AVIATION 105** | **CSDP/PSDC 555** |
| **MAR 128** | **CFSP/PESC 1131** |

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Iúil 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 289 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>maidir le cur i ngníomh Chlár Spáis AE agus maidir le feidhmíocht Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 289 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 289 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.7.2024
COM(2024) 289 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

**maidir le cur i ngníomh Chlár Spáis AE agus maidir le feidhmíocht Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis**

{SEC(2024) 202 final} - {SWD(2024) 173 final}

GA GA

## 1. RÉAMHRÁ

Tá Clár Spáis an Aontais (an Clár) criticiúil d'uathriail straitéiseach an Aontais agus a Bhallstát agus chun tacú le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, go háirithe an Comhaontú Glas don Eoraip, an tAistriú Digiteach, athléimneacht an Aontais, agus ról an Aontais sa ghné dhomhanda. Leis an gClár, cumasaítear réitigh chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda amhail inbhuanaitheacht agus an t-athrú aeráide, sábháilteacht agus slándáil, tubaistí nádúrtha agus soghluaisteacht agus neartaítear ról an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta mar chumhacht spáis dhomhanda. Ina theannta sin, soláthraítear sonraí agus seirbhísí ceannródaíocha go héifeachtach leis do réimsí amhail an intleacht shaorga, feithiclí uathrialaitheacha agus réitigh chliste, cuirtear feabhas ar an tslándáil trí fhaireachán a dhéanamh ar bhonneagar criticiúil agus soláthraítear príomhshonraí chun tubaistí a chosc, chun ullmhú dóibh agus chun freagairt dóibh. Tá ról ríthábhachtach ag an gClár maidir le haghaidh a thabhairt ar ábhair bheartais thrasnaí trí nuálaíocht, athléimneacht agus iomaíochas chuideachtaí an Aontais a chothú. Tá a thionscnaimh agus a chláir spáis féin á bhforbairt ag an Aontas ó bhí na 1990idí ann agus tá sé ar cheann de na ceannairí domhanda sa spás. Mar sin féin, i dtimpeallacht gheopholaitiúil atá ag éirí níos neamhchinnte, is tosaíocht i gcónaí é infheistíocht a dhéanamh sa spás chun cumais an Aontais a fhorbairt, chun leanúint de shonraí agus seirbhísí úrscothacha a sholáthar, agus chun ceannaireacht, iomaíochas, inbhuanaitheacht agus uathriail straitéiseach na hEorpa a chaomhnú.


Le Rialachán (AE) 2021/696[1] (an Rialachán), bunaítear an Clár le haghaidh na tréimhse 2021-2027, agus socraítear a chuspóirí, a bhuiséad agus a rialachas. Tionscnaítear leis an Rialachán freisin Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) mar fhorbairt ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chórais Dhomhanda um Loingseoireacht Satailíte (GSA), agus tá síneadh substaintiúil curtha lena sainordú maidir le comhpháirteanna uile an Chláir.

Tríd an rialachas a chuíchóiriú agus trí leas a bhaint as sineirgí agus gníomhaíochtaí cothrománacha, cuimsítear leis an gClár, den chéad uair riamh, gníomhaíochtaí spáis an Aontais in aon Rialachán amháin. Tá sé comhdhéanta de thionscnaimh shuaitheanta spáis an Aontais, le haghaidh loingseoireachta, suite agus uainithe (Galileo, EGNOS[2]), fhaire na Cruinne (Copernicus) agus tionscnaimh nua maidir le feasacht staide an spáis (SSA) agus cumarsáid satailíte rialtais (GOVSATCOM). Cuimsítear leis freisin gníomhaíochtaí cothrománacha chun tacú leis an earnáil spáis. Sainítear leis an Rialachán rialachas

[1] Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE

[2] Breis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí.

chomhpháirteanna éagsúla an Chláir agus na rialacha maidir leis an gcur chun feidhme. Dáiltear cúraimí ar ghníomhaithe éagsúla, mar atá an Coimisiún Eorpach, mar bhainisteoir foriomlán an chláir, na Ballstáit, EUSPA, an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) agus eintitis eile[3] ar a gcuirtear cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an Chláir.




Le hAirteagal 102 den Rialachán, tugtar sainordú don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chláir agus conclúidí na meastóireachta a chur in iúl maille lena bharúlacha do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún. An tráth céanna, tá sainordú ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht EUSPA agus tuarascáil maidir lena mheastóireacht a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Bhord Riaracháin EUSPA agus a Bhoird um Chreidiúnú Slándála.

Ós rud é gurb é príomhchuspóir an Chláir sonraí agus seirbhísí spásbhunaithe de chuid an Aontais a sholáthar lena dtugtar aghaidh ar riachtanais na n-úsáideoirí agus lena dtacaítear le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, déantar measúnú leis an meastóireacht ar fheidhmíocht na seirbhísí agus ar shástacht na n-úsáideoirí. Cé go ndéantar faireachán leanúnach ar chur chun feidhme an Chláir le linn na bliana, leis an meastóireacht eatramhach féadtar anailís a dhéanamh ar bhealach níos iomlánaíche ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas agus breisluach AE an Chláir.

[3] An Eagraíocht Eorpach chun Sochar a Bhaint as Satailítí Meitéareolaíochta (EUMETSAT), an Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin, Mercator Ocean International, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (FRONTEX), an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA), Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh (SATCEN).

Tá an mheastóireacht bunaithe ar na hEochairtháscairí Feidhmíochta a áirítear sa Rialachán, lena ndéantar struchtúrú ar Ráiteas Feidhmíochta bliantúil an Chláir. I bhfianaise na ndifríochtaí idir comhpháirteanna an Chláir, sainaithníodh spriocanna sonracha maidir le gach comhpháirt chomh maith leis na heintitis ar cuireadh cúram orthu agus a bhfuil baint acu lena chur chun feidhme, bunaithe ar chuspóirí an Chláir agus ar na comhaontuithe ranníocaíochta arna dtabhairt i gcrích le GES agus le heintitis eile ar cuireadh cúram orthu. Cumhdaítear leis an Tuarascáil an tréimhse ó 2021 go 2023 agus tá Doiciméad Inmheánach Oibre ag gabháil léi ina sonraítear an measúnú fianaise-bhunaithe ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, ábharthacht agus breisluach AE an Chláir agus tá an staidéar dar teideal ‘Evaluation of the Performance of the Implementation of the EU Space Programme and of EUSPA’ [Meastóireacht ar Fheidhmíocht Chur Chun Feidhme Chlár Spáis an Aontais agus EUSPA] ag gabháil léi freisin[4].

## 2. CLÁR SPÁIS AN AONTAIS CHUN TACÚ LE TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA AN AONTAIS AGUS LE RIACHTANAIS ÚSÁIDEOIRÍ

Tá sonraí agus seirbhísí spáis an Aontais ina n-uirlisí criticiúla chun tacú le spriocanna polaitiúla an Aontais trí aistrithe córa digiteacha agus glasa a chur chun cinn agus trí athléimneacht an Aontais a neartú.

Tá an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus an méadú ar thruailliú i measc na ndúshlán is mó atá roimh an gcine daonna sa lá atá inniu ann. Is féidir iad a shárú trí aistriú glas na hEorpa, a bhfuil an **Comhaontú Glas don Eoraip** mar bhonn taca leis. Le faisnéis spásbhunaithe arna soláthar ag Copernicus, Galileo agus EGNOS, soláthraítear uirlisí agus sonraí fíor-riachtanacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil an lae inniu agus chun tacú go díreach le spriocanna uaillmhianacha an Aontais, go háirithe chun faireachán a dhéanamh ar thionchair ar an gcomhshaol, chun iad a mhaolú agus chun oiriúnú dóibh. Mar shampla, aithníodh le Dlí Aeráide an Aontais[5] an ról atá ag sonraí Copernicus maidir le measúnú a dhéanamh ar chonair an Aontais i dtreo na haeráidneodrachta agus ar an dul chun cinn maidir le hoiriúnú. Nó léirítear le Rialachán an Aontais maidir le Dífhoraoisiú[6] gur cheart do chuideachtaí sonraí agus seirbhísí Copernicus, Galileo agus EGNOS a úsáid chun comhordanáidí geoshuímh a sholáthar agus chun a léiriú d’údaráis inniúla nach as talamh dífhoraoisithe a thagann na táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais. Ina theannta sin,

[4] Meastóireacht Mheántéarma ar Fheidhmíocht Chur Chun Feidhme Chlár Spáis an Aontais agus EUSPA [Mid-Term Evaluation of the Performance of the Implementation of the EU Space Programme and of EUSPA]

[5] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (‘An Dlí Aeráide Eorpach’)

[6] Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

cothaíonn an Clár cruthú agus forbairt réiteach nuálach a chuireann faireachán comhshaoil, fás inbhuanaithe agus éifeachtúlacht acmhainní chun cinn.

Tá ról ríthábhachtach ag an gClár freisin i bhforbairt Mhargadh Aonair Digiteach na hEorpa agus gníomhaíonn sé mar luasaire d'**aistriú digiteach** cóir an Aontais thar earnálacha eacnamaíocha éagsúla trí ardbhonneagar teicneolaíochta agus sonraí criticiúla a sholáthar. Feidhmíonn am caighdeánach Galileo mar an tagairt le haghaidh líonraí teileachumarsáide, eangacha cumhachta agus idirbhearta airgeadais, agus tá a chuid seirbhísí suite agus uainithe fíor-riachtanach le haghaidh feidhmeanna digiteacha éagsúla amhail teileachumarsáid agus feithiclí uathrialaitheacha. An tráth céanna, tá ról suntasach ag an tionscnamh Destination Earth, lena soláthraítear samhail dhigiteach ardbheachtais den Domhan ('Leathchúpla Digiteach an Domhain'), san aistriú digiteach chomh maith trí ardsonraí um fhaire na Cruinne agus teicneolaíochtaí digiteacha a ghiaráil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda.

Sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, agus méadú in aghaidh an lae ag teacht ar an iomaíocht le haghaidh an spáis, is gá **Aontas níos láidre agus níos athléimní a thógáil.** Tá príomhról ag an gClár chun tacú leis an sprioc sin. Cuireann sé le huathriail straitéiseach an Aontais trí shrian a chur leis na spleáchais ar chórais spáis neamh-Eorpacha, trí fhéintuilleamaí a áirithiú agus tríd an Aontas a chur chun cinn mar chomhpháirtí iontaofa ar an leibhéal idirnáisiúnta. An tráth céanna, soláthraíonn comhpháirteanna spáis an Aontais seirbhísí a úsáidtear i réimse na slándála nó chun bonneagair chriticiúla an Aontais agus a Bhallstát a chosaint mar a mheabhraítear sa Mholadh ón gComhairle maidir le hathléimneacht an bhonneagair chriticiúil[7]. Ba chéim thábhachtach i dtreo na hathléimneachta é comhpháirt thiomnaithe **GOVSATCOM an Aontais** a bhunú trí chumais chumarsáide shlána chostéifeachtúla a sholáthar do mhisin agus d'oibríochtaí criticiúla arna mbainistiú ag an Aontas agus ag a Bhallstáit. Ina theannta sin, trí sheirbhísí **Faireachais agus Rianaithe Spáis (SST) an Aontais** a sholáthar ar cuid iad de chomhpháirt SSA, cosnaítear sócmhainní spáis ar imbhuailtí, rud a chumasaíonn leanúnachas seirbhísí le haghaidh cumarsáide, loingseoireachta nó bainistiú tubaistí. An tráth céanna, déanann seirbhísí SST saoránaigh, aerthrácht agus bonneagair ar talamh a chosaint ar athiontrálacha atmaisféaracha spásréad.

Bhí ról ríthábhachtach ag an gClár maidir le **feabhas a chur ar iomaíochas an Aontais** agus h**éiceachóras spáis láidir de chuid an Aontais** a fhorbairt. Trí spleáchas ar chláir spáis neamh-Eorpacha a laghdú agus trí fheabhas a chur ar chumas an Aontais oibriú go huathrialaitheach i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an spás, tá neamhspleáchas straitéiseach sa spás tugtha ag an gClár don Aontas. Ina theannta sin, le tacaíocht ó **Fhís 2020 agus Fís Eorpach** freisin, bhí ról lárnach ag an gClár maidir le nuálaíocht agus dul chun cinn teicneolaíoch a spreagadh laistigh den Aontas, rud a d'fhág gur cruthaíodh táirgí, próisis agus samhlacha gnó núíosacha, mar aon le seirbhísí breisluacha a sholáthar. Ní hamháin gur

[7] Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le cur chuige comhordaithe ón Aontas chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú (2023/C 20/01)

neartaigh sé sin cumais theicneolaíocha an Aontais ach chuir sé cuideachtaí Eorpacha chun cinn mar cheannairí i dtionscal domhanda an spáis freisin.

Tá margaí agus deiseanna nua cruthaithe ag an gClár le haghaidh réimse leathan fiontar, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), a thacaíonn lena bhforbairt trí shlabhra luacha iomlán an tionscail spáis, rud a chuireann ar a gcumas dul i mbun monarú satailíte, forbairt teicneolaíochta spáis, agus anailís sonraí le haghaidh feidhmeanna éagsúla[8]. Is príomhchuid den **straitéis Eorpach maidir le tionsclaíocht**[9] é éiceachóras spáis an Aontais freisin tríd an nuálaíocht a chothú, an t-iomaíochas a chur chun cinn, agus deiseanna a chruthú do chuideachtaí Eorpacha a bheith rannpháirteach sa mhargadh domhanda spáis.

Tacaíonn tionscnamh **Cassini** leis an[10] bhfiontraíocht i ngnólachtaí a bhaineann leis an spás ar fud an Aontais trí chineálacha éagsúla gníomhaíochtaí. Tá an tionscnamh oscailte do gach réimse den Chlár agus tá sé curtha in oiriúint chun riachtanais cuideachtaí a chomhlíonadh lena gcumhdaítear táirgí/seirbhísí réamhtheachtacha (i.e. nanasatailítí, lainseálaithe, etc.) agus iartheachtacha (i.e. táirgí/seirbhísí arna gcumasú le sonraí spáis, etc.) araon. Cuimsíonn CASSINI ciste síl agus fáis EUR 1 bhilliún de chuid an Aontais, haiceatóin agus meantóireacht, duaiseanna, luasaire gnó, comhpháirtíocht agus líonrú. Trí na sineirgí agus an comhleanúnachas idir cláir éagsúla de chuid an Aontais, lena n-áirítear InvestEU, a chomhcheangal, thacaigh CASSINI le breis agus 700 FBM faoi dheireadh R2 2023, agus fuair beagnach 40 díobh EUR 300 milliún san iomlán in infheistíochtaí fiontair.

Cuireann **an Taispeántas i bhFithis/an Bailíochtú i bhFithis**[11] ar chumas lucht acadúil, eagraíochtaí taighde, gnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus cuideachtaí tionsclaíocha móra teicneolaíochtaí nua sa spás a thástáil go héifeachtach, rud a laghdaíonn an t-am go dtí an margadh i sineirge iomlán le cláir chistithe Taighde agus Nuálaíochta.

## 3. NA PRÍOMHTHORTHAÍ A BHAINEANN LE CUR CHUN FEIDHME CHLÁR SPÁIS AN AONTAIS EORPAIGH

### 3.1 Feidhmíocht chomhpháirteanna an Chláir agus éabhlóid riachtanais na n-úsáideoirí

Dheimhnigh an mheastóireacht go mbíonn feidhmíocht an Chláir agus na gcomhpháirteanna ailínithe lena chuspóirí le linn na tréimhse meastóireachta, agus go gcomhlíontar leo riachtanais úsáideoirí ar bhealach éifeachtach.

#### Galileo agus EGNOS

[8] EUSPA`s EO and GNSS Market report (issue 2) [Tuarascáil mhargaidh Fhaire na Cruinne agus GNSS de chuid EUSPA - an dara heagrán]

[9] An Straitéis Eorpach maidir le tionsclaíocht – an Coimisiún Eorpach (europa.eu)

[10] An Tionscnamh Fiontraíochta Spáis - CASSINI - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

[11] Taispeántas agus Bailíochtú i bhFithis – An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

D'éirigh le Galileo a phríomhchuspóirí a bhaint amach go rathúil trí sheirbhísí domhanda suite, loingseoireachta agus uainithe atá fadtéarmach, úrscothach agus slán a sholáthar gan ach mionbhristeacha seirbhíse a bheith ann, lena gcomhlíontar riachtanais athraitheacha mhéadaitheacha na hEorpa agus a cuid saoránach. Baineadh amach an chuid is mó de na spriocanna agus sáraíodh iad go páirteach. Sa lá atá inniu ann, is é Galileo an córas loingseoireachta satailíte is beaichte ar domhan. Le cruinneas a chuid seirbhísí loingseoireachta agus uainithe, sáraíodh na gealltanais tosaigh cheana féin (trí huaire níos fearr ar an meán ná sprioc 2027), agus dírítear anois ar an ardleibhéal feidhmíochta sin a choinneáil ar bun go comhsheasmhach. Thairis sin, tá infhaighteacht fhoriomlán sheirbhísí Galileo gar don spriocluach deiridh a chomhlíonadh (seirbhísí Galileo a bheith ar fáil i gcónaí os cionn 99 %), agus tá iarrachtaí á ndéanamh chun a áirithiú go bhfanfaidh an infhaighteacht sin cobhsaí.

Ó dearbhaíodh seirbhísí Galileo i mí na Nollag 2016, tá garspriocanna móra bainte amach, lena n-áirítear tabhairt isteach na Seirbhíse Oscailte agus na Seirbhíse Cuardaigh agus Tarrthála, mar aon le forbairt agus seachadadh seirbhísí uathúla nua amhail an tSeirbhís Ardbheachtais, lena soláthraítear suíomh domhanda an-chruinn cheana féin. Ina theannta sin, tá pleananna i bhfeidhm chun seirbhísí nua eile a dhearbhú go luath amach anseo, amhail Fíordheimhniú Teachtaireachtaí Loingseoireachta Seirbhíse Oscailte agus Seirbhís Satailíte Rabhaidh Éigeandála Galileo. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar chur chun feidhme na Seirbhíse Poiblí Rialáilte (PRS) de réir an sceidil bhunaithe, a mheastar a bheidh curtha i gcrích faoi 2024. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun a cur i bhfeidhm rathúil agus a feidhmiúlacht iomlán a áirithiú. Thionscain an Coimisiún tascfhórsa bainistithe riosca i gcomhar le EUSPA, GES, agus gníomhaithe tionsclaíocha chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean oibre.

| **Forbhreathnú ar sheirbhísí Galileo** |
|---|
| **Seirbhís Oscailte Galileo:** Soláthraítear léi faisnéis raoin, suite agus uainithe do 3 bhilliún+ gaireas atá cumasaithe do Galileo. **Gnéithe nua agus feabhsaithe de 'Comhartha sa Spás' [Signal in Space] Sheirbhís Oscailte Galileo a tugadh chun críche in 2023 le nuashonrú ar na gealltanais seirbhíse i mí na Samhna 2023.** |
| **Seirbhís Phoiblí Rialáilte (PRS) Galileo:** Seirbhís loingseoireachta Galileo lena dtairgtear réitigh suite, treoluais agus uainithe dhomhanda gan bhriseadh d'úsáideoirí údaraithe rialtais, fiú sna cásanna géarchéime is tromchúisí. |
| **Seirbhís ardbheachtais Galileo:** Soláthraítear léi ceartúcháin ardbheachtais do Galileo agus GPS. **Seirbhísí Tosaigh i mí Eanáir 2023 agus feidhmíocht den scoth ó shin.** |
| **Seirbhís Cuardaigh agus Tarrthála (SAR) Galileo:** Braitear agus aimsítear léi daoine atá i nguais agus cuirtear a suíomh in iúl do Lárionaid Chomhordúcháin Tarrthála ar fud an domhain. |

Bhí roinnt constaicí ag Galileo le linn na tréimhse meastóireachta a bhain le tosca seachtracha, go háirithe neamh-infhaighteacht dhá sheirbhís lainseála (a bhí sceidealaithe ar dtús in 2022)

le lainseálaithe Soyuz mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin a raibh tionchar acu ar chur chun feidhme rianúil gníomhaíochtaí áirithe laistigh den chomhpháirt sin. Thairis sin, mar thoradh ar mheascán de thosca seachtracha lena n-áirítear teannas geopholaitiúil, boilsciú, agus ganntanais sliseanna, bhí moill ar an tionscal gealltanais ordaithe a chomhlíonadh, rud a chuir cosc ar dhearbhú chumas oibriúcháin iomlán (FOC)[12] Sheirbhís Oscailte Galileo. Ós rud é gur féidir na seirbhísí a sholáthar gan an bhuíon iomlán, ní dhéantar difear don soláthar seirbhísí. Mar sin féin, de réir mar atá roinnt satailítí ag teacht chuig deireadh a ré, tá méadú ag teacht ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don fheidhmíocht. Mar fhreagairt air sin, tá na bearta maolaithe is gá déanta ag an gCoimisiún, i.e., ceithre shatailít Galileo a imscaradh le soláthraí malartach seirbhíse lainseála, chun leanúnachas seirbhísí agus feidhmíochta a áirithiú.

Rinneadh dul chun cinn maith maidir le cur chun feidhme na comhpháirte **EGNOS.** Tríd an gcruinneas a fheabhsú go dtí thart ar 1 mhéadar, rud a sháraigh sprioc 2027, agus trí chur le hiontaofacht chomhartha an Chórais Dhomhanda um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) ar fud na hEorpa, soláthraíonn EGNOS feidhmchláir chriticiúla ó thaobh na sábháilteachta de d'úsáideoirí san Eoraip, amhail oibríochtaí agus tuirlingt aerárthaí. Ach cé go bhfuil feabhas ag teacht de réir a chéile ar fheidhmíocht a sheirbhíse i dtéarmaí cumhdaigh de, go háirithe i gcroí-réimse na heitlíochta, cuireadh moill ar an gcuspóir seirbhís EGNOS a áirithiú ar fud chríocha Bhallstáit uile an Aontais san Eoraip. Ba é ba chúis leis sin éifeachtaí aimsire spáis a dhíghrádaigh feidhmíocht seirbhíse, dúnadh dhá shuíomh lasmuigh den Aontas ar chúiseanna ceannasachta agus an mhoill ar fhorbairt thríú glúin EGNOS (EGNOS V3). Chuir an Coimisiún na bearta maolaithe is gá i bhfeidhm chun cumhdach iomlán chríoch an Aontais a áirithiú a luaithe is féidir.

| | |
|---|---|
| **Seirbhís Oscailte** | Feabhas a chur ar chruinneas GNSS, atá beartaithe go príomha le haghaidh feidhmchláir loingseoireachta satailíte ardtoirte atá le húsáid ag tomhaltóirí |
| **Seirbhís Sábháilteachta Beatha** | Ardleibhéal sláine a sholáthar d'úsáideoirí a bhfuil an tsábháilteacht fíor-riachtanach dóibh:<br>- Eitlíocht Shibhialta (caighdeáin ICAO)<br>- ***Úsáideoirí muirí (Caighdeáin IMO & IEC) ó mhí an Mhárta 2024*** |
| **Seirbhís Rochtana Sonraí** | Sonraí EGNOS a bhfuil breisluach níos mó ag baint leo a thairiscint tríd an idirlíon, |

[12] Tagraíonn an chéim FOC de Galileo don bhuíon iomlán de 27 satailít oibríochtúla agus trí chúltaisce, iad uile lonnaithe ar thrí mheánfhithis dhomhanda (MEOnna) chiorclacha ag airde 23 222 km agus claonadh 56 º acu go dtí an meánchiorcal.

| | |
|---|---|
| | atá beartaithe go príomha le haghaidh úsáid ghairmiúil nó tráchtála |

Díríodh leis an meastóireacht freisin ar a mhéid a chomhlíonann Galileo agus EGNOS **riachtanais na n-úsáideoirí**. Tá méadú ag teacht ar líon úsáideoirí Galileo agus bhí níos mó ná 3,9 billiún gaireas in úsáid faoi 2023 agus sástacht ard úsáideoirí ar fud na seirbhísí uile, agus 82,35 % d'úsáideoirí sásta le feidhmíocht Galileo. Áirítear le Galileo úsáideoirí sna hearnálacha talmhaíochta, eitlíochta agus drón, réiteach tomhaltóirí, bainistithe éigeandála, iascaigh, foraoiseachta, muirí, iarnróid, iompair phoiblí, gluaisteán agus eile. I gcás EGNOS, tá an earnáil eitlíochta ar cheann de na príomhúsáideoirí, agus bhí níos mó ná 900 ascnamh (lena gcumhdaítear níos mó ná 65 % de rúidbhealaí uirlisí), agus os cionn 27 % den fhlít eitleán feistithe le EGNOS faoi dheireadh 2023. Is earnáil úsáideoirí aibí eile de chuid EGNOS í an talmhaíocht le haghaidh feidhmchláir treorach maidir le saothrú barr bunluacha (e.g. gránaigh), agus beagnach gach gaireas GNSS sa talmhaíocht cumasaithe do EGNOS.

Chruthaigh agus reáchtálann EUSPA agus an Coimisiún **an tArdán Comhairliúcháin Úsáideoirí** chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar riachtanais úsáideoirí maidir le feidhmchláir GNSS i ngach earnáil den gheilleagar agus chun athbhreithniú níos fearr a dhéanamh ar na riachtanais sin. De réir na meastóireachta, leis an gcóras atá ann faoi láthair tugtar aghaidh ar fhormhór na riachtanas atá ann cheana. Mar sin féin, ní féidir le glúin reatha Galileo ná EGNOS cuid díobh – amhail cásanna úsáide atá criticiúil ó thaobh na sábháilteachta de atá ag teacht chun cinn san iompar – a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach an Dara Glúin de Galileo agus EGNOS V3 a chur ar fáil agus a imscaradh a luaithe is féidir. I réimse an iarnróid agus sa réimse muirí, chuir na páirtithe leasmhara in iúl go bhfuil spéis mhór acu i seirbhís thiomnaithe EGNOS. Tá an Coimisiún, in éineacht le EUSPA, ag tabhairt aghaidh ar na héilimh sin.

**Copernicus**

Is iad cuspóirí chomhpháirt Copernicus sonraí, faisnéis agus seirbhísí beachta um fhaire na Cruinne a sholáthar trí fhoinsí éagsúla sonraí a chomhtháthú ar bhonn inbhuanaithe agus tacú le forbairt, cur chun feidhme agus faireachán bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais agus a Bhallstát, i gcomhréir le riachtanais úsáideoirí. Cruthaítear le gach táscaire go bhfuil feidhmíocht sheirbhísí Copernicus (i.e., seirbhísí talaimh, muirí, atmaisféir, athraithe aeráide, éigeandála agus slándála) i dtéarmaí iontaofachta, infhaighteachta agus leanúnachais os cionn na sprice 94,5 % ar an meán. Sáraíodh spriocanna freisin maidir leis an méid sonraí a gineadh ó na Fairtheoirí. Soláthraíodh na sonraí sin ar bhonn iomlán, saor in aisce agus oscailte a thacaíonn le raon leathan feidhmeanna, ó fhaireachán comhshaoil agus bainistiú tubaistí go hoiriúnú don athrú aeráide agus pleanáil uirbeach inbhuanaithe.




Cé go bhfuil feidhmíocht chomhpháirt Copernicus i bhfad níos airde ná mar a bhí coinne leis, tugadh moilleanna faoi deara i seoladh Fhairtheoir-1C[13] mar gheall ar neamh-infhaighteacht lainseálaithe Eorpacha. Bhí easpa sonraí radair ann freisin toisc nach raibh fáil ar shatailít Fhairtheoir-1B, ach cuireadh bearta maolaithe i bhfeidhm, go háirithe tríd an bplean um fhaire d'Fhairtheoir-1A a choigeartú, agus trí na misin rannpháirteacha a threisiú. Cúitíodh an caillteanas sonraí freisin trí sholáthar sonraí a d'aimsigh foinsí eile[14].

Maidir leis **na húsáideoirí agus éabhlóid a riachtanas,** tá méadú ag teacht ar an líon úsáideoirí sonraí, táirgí nó seirbhísí laistigh de Copernicus agus is mó ná 85 % an sásamh a bhraitheann siad thar na seirbhísí uile. A bhuí lena chumas aghaidh a thabhairt ar riachtanais éagsúla agus athraitheacha úsáideoirí, d'éirigh le Copernicus líon méadaitheach agus raon leathan úsáideoirí a mhealladh. Tháinig méadú faoi dhó ar an líon úsáideoirí cláraithe ó 2020 go 2022 (ó 385 000 go 638 000 úsáideoir in 2022), agus 6 800 teiribheart atá sa mhéid sonraí Fairtheora a gineadh in 2022. Le húsáid Córais nua Dhinimiciúil Ceannaigh, cuirtear le lúfaireacht scéim na misean ranníocaíochta agus laghdaítear na bacainní a bheadh ann d'iontrálaithe nua sa mhargadh Eorpach, go háirithe spás nua agus cuideachtaí atá ag teacht chun cinn. Fágann raon leathan uirlisí agus ardán go bhfuil sé éasca ar úsáideoirí rochtain a fháil ar an bhfaisnéis atá ar fáil tríd an gClár agus í a anailísiú agus a shamhlú. Le **Fóram Úsáideoirí Copernicus**, soláthraítear ionchuir don Choimisiún maidir le riachtanais úsáideoirí a shainiú agus a bhailíochtú, go háirithe don earnáil phoiblí (bunúsáideoirí

[13] Soláthraítear sonraí agus seirbhísí Copernicus le haghaidh Fhaire na Cruinne le sraith satailítí tiomnaithe (an fhine Fairtheoirí), murab ionann agus Galileo, ina soláthraíonn gach Fairtheoir seirbhís dhifriúil do Copernicus.

[14] Comhaontú Copernicus maidir le Comhar Idirnáisiúnta le Ceanada lena ndéantar foráil maidir le sonraí satailíte Fhaire na Cruinne a chéile a chomhroinnt ar bhonn cómhalartachta.


Copernicus), agus leis an **Ardán Comhairliúcháin Úsáideoirí**, cothaítear sineirgí idir Galileo/EGNOS agus Copernicus, mar shampla sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus sa phleanáil uirbeach. Ina theannta sin, áirithítear an comhleanúnachas idir seirbhísí éagsúla de chuid Copernicus agus a nglacadh, go háirithe le **ceithre Mhol Théamacha Copernicus** (na Moil Chósta, Sláinte, Fuinnimh agus Artacha) agus leis an **Lárionad Eolais um Fhaire na Cruinne** lena gcomhcheanglaítear faisnéis agus táirgí le haghaidh réimsí téamacha sonracha, arb é is aidhm dóibh rochtain a éascú agus comhar a chur chun cinn.

**Feasacht Staide an Spáis (SSA)**

Tá trí fho-chomhpháirt i **gcomhpháirt SSA** : SST, Aimsir Spáis agus Réada Neasdomhanda. Is é **SST** an chuid is forbartha, ar éabhlóid é ar sheirbhís a bhí ann cheana (Creat Tacaíochta 2014 maidir le Faireachas agus Rianú Spáis[15]). Ó mhí Iúil 2022, tá 40 braiteoir de chuid na mBallstát sa líonra (lena n-áirítear radair, teileascóip agus stáisiúin raoin léasair) agus tá a sheirbhísí ag feidhmiú go han-mhaith. Tá an pobal úsáideoirí ag fás i gcónaí, mar atá oibreoirí satailíte ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad, mar a fhoráiltear sa Rialachán. Ag deireadh 2023 tá thart ar 200 eagraíocht cláraithe le seirbhísí SST, agus tá níos mó ná 400 satailít cláraithe leis an tseirbhís seachanta imbhuailte. Tá **Comhaontú Comhpháirtíochta SST an Aontais**, atá i bhfeidhm ó mhí na Samhna 2022, leathnaithe ó 7 mBallstát go dtí na 15 Bhallstát den Aontas atá ann faoi láthair, rud a chuireann feabhas ar chumais an chórais SST suirbhéireacht agus rianú a dhéanamh ar réada spáis atá ar fithis timpeall an Domhain**.**


Tugadh**Teagmhas Aimsire Spáis** agus **Réad Neasdomhanda** isteach le déanaí leis an Rialachán agus níl siad oibríochtúil go fóill, ós rud é go bhfuil an próiseas cur chun feidhme fós ar siúl. Dá bhrí sin, ní féidir meastóireacht a dhéanamh orthu. Mar sin féin, tá cur chun feidhme fho-chomhpháirt an Teagmhais Aimsire Spáis ag dul chun cinn mar a bhí beartaithe trí thosaíochtaí seirbhíse a shainiú agus trí chéad leagan de léarscáil de chumais na mBallstát Réada Neasdomhanda a bhrath agus faireachán a dhéanamh orthu a thiomsú le liosta iomlán institiúidí agus sócmhainní.

[15] Cinneadh Uimh. 541/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear Creat Tacaíochta maidir le Faireachas agus Rianú Spáis




### Cumarsáid Satailíte Rialtais (GOVSATCOM)

Cuireadh gníomhaíochtaí ullmhúcháin maidir le soláthar seirbhíse chun feidhme go héifeachtach. Le gníomhaíochtaí oibríochtúla díríodh ar sholáthar mhol GOVSATCOM agus ar an nglao ar léiriú spéise a bhaineann leis na suíomhanna ina n-óstálfar an mol. D'éirigh le EUSPA, in éineacht leis an gCoimisiún, roinnt moilleanna a mhaolú agus tá na gníomhaíochtaí ag feidhmiú go rianúil faoi láthair. Dámhadh an conradh comhpháirtíochta nuálaíochta do Mhol GOVSATCOM i mí na Nollag 2023 agus tá an mheastóireacht ar na tograí a bhaineann le logánú na suíomhanna ar siúl faoi láthair. Le linn na tréimhse meastóireachta, bhunaigh an Coimisiún an creat dlíthiúil freisin chun an chomhpháirt a chur chun feidhme.



Maidir le riachtanais na n-úsáideoirí, cruthaíodh líonra ionadaithe úsáideoirí chun riachtanais úsáideoirí a bhailiú agus a chomhiomlánú (an tionscadal **ENTRUSTED**[16]). Ag cur le GOVSATCOM, an 15 Feabhra 2022 thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear **Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 IRIS**[2]**,**a glacadh an 15 Márta 2023[17].

### 3.2 Cur chun feidhme cúraimí ag na heintitis ar cuireadh cúram orthu

Formhór mór na gcúraimí a cuireadh de chúram ar eintitis éagsúla mar a shainítear leis an Rialachán, cuireadh chun feidhme go héifeachtach iad le linn na tréimhse meastóireachta.

I gcás **Galileo** agus **EGNOS,** tá EUSPA tar éis a chúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach agus an chuid is mó dá chuspóirí a bhaint amach. Bhí moill ar ghnéithe agus ar sheirbhísí áirithe todhchaíocha, áfach, mar aon leis an dearbhú FOC mar a mhínítear thuas. Mar sin féin, cuireadh bearta maolaithe chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

I gcás **Copernicus**, tá na gníomhaíochtaí cur chun feidhme ailínithe go hiomlán leis na Comhaontuithe Ranníocaíochta le GES agus le heintitis eile ar cuireadh cúram orthu lena n-áirithítear cur chun feidhme tráthúil laistigh den bhuiséad.

I gcás **SSA**, ní raibh an measúnú ar chúraimí a bhaineann le **SST** indéanta toisc gur aistríodh Deasc Thosaigh SST chuig EUSPA i mí Iúil 2023 tar éis bhunú Chomhpháirtíocht nua SST an Aontais. Áirithíodh leanúnachas sheirbhís SST le SATCEN, a d'oibrigh i gcomhar le EUSPA chun aistriú rianúil a áirithiú. I gcás fho-chomhpháirt **an Teagmhas Aimsire Spáis**, maolaíodh go héifeachtach moilleanna ar sholáthar arna reáchtáil ag GES agus níl coinne le haon iarmhairt dhiúltach, agus tá na cúraimí a cuireadh de chúram ar GES a bhaineann le fo-chomhpháirt na **Réad Neasdomhanda** ag feidhmiú go rianúil.

Maidir le **GOVSATCOM**, cuireadh cúraimí de chúram ar EUSPA agus GES. Chomhlíon an dá eintiteas a ngníomhaíochtaí i gcomhréir leis na comhaontuithe ranníocaíochta a tugadh i gcrích idir an Coimisiún agus na heintitis sin.

### 3.3 Anailís Costais is Tairbhe ar an gClár

D'ainneoin timpeallacht dhúshlánach agus na deacrachta a bhaineann leis an anailís, ós rud é freisin go mbaineann creat ama, aibíocht, úsáideoirí agus aschur éagsúil le gach comhpháirt, is mó na tairbhí a thugtar leis an gClár ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda ná na costais a tabhaíodh go díreach agus go hindíreach chun a chomhpháirteanna a fhorbairt. Ós rud é gur seoladh Galileo, EGNOS agus Copernicus roimh an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair, níorbh fhéidir i gcónaí measúnú costais is tairbhe a

[16] An Tionscadal 'ENTRUSTED'
[17] Rialachán (AE) 2023/588 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na Tréimhse 2023-2027

dhéanamh ná an tionchar le haghaidh na tréimhse 2021-2023 a thomhas, toisc nach comparáid chruinn a bheadh ann idir costais agus tairbhí. Cé go bhfuil costais mheandracha ann, is toradh iad na tairbhí a bhaineann le saothrú comhpháirteanna spáis an Aontais ar an infheistíocht chun na bonneagair a fhorbairt, lena n-áirítear na hinfheistíochtaí a rinneadh roimh na cláir a bheith infheidhme go hiomlán, mar atá i gcás SSA agus GOVSATCOM.

Leis an gClár, cuirtear réimse leathan tairbhí ar fáil, lena n-áirítear faireachán comhshaoil, nuálaíocht theicneolaíoch, fás eacnamaíoch, cruthú post agus feabhsuithe sochaíocha san Eoraip. Trí shonraí beachta loingseoireachta agus sonraí um fhaire na Cruinne a bheith ar fáil, tacaítear leis an nuálaíocht agus cruthaítear deiseanna eacnamaíocha nua a thacaíonn le fás éiceachórais domhainteicneolaíochta, rud a chuireann go mór le rathúnas eacnamaíoch an Aontais. Trí nuálaíocht theicneolaíoch a spreagadh, fiontraíocht a chothú, agus tacú le fás thionscal an spáis, cruthaíonn an Clár poist ardteicneolaíochta agus spreagann sé forbairt eacnamaíoch ar fud earnálacha éagsúla.

Cuireann **Galileo agus EGNOS** tairbhí substaintiúla eacnamaíocha ar fáil trí sheirbhísí feabhsaithe loingseoireachta, suite agus uainithe. Ós rud é gur earra poiblí é GNSS, is deacair tairbhí a shannadh do cheann de phríomhbhuíonta GNSS (GPS vs Galileo vs Beidou vs Glonass). Baineadh úsáid as dhá chás sa mheastóireacht chun tairbhí Galileo agus EGNOS a ríomh, agus sannadh 100 % den tairbhe do Galileo i gcás amháin agus sannadh 25 % den tairbhe do Galileo agus roinneadh an chuid eile den tairbhe i measc bhuíonta GNSS eile sa chás eile. Léiríodh leis an anailís gur mó tairbhí eacnamaíocha Galileo agus EGNOS ná na costais sa dá chás. Fiú nuair a ghlactar leis go bhfuil tairbhí roinnte go cothrom idir ceithre bhuíon GNSS, tá siad fós i bhfad níos mó ná na costais mar gheall ar chásanna úsáide leathana GNSS agus an ról ríthábhachtach atá aige sa gheilleagar domhanda.

Baineadh de thátal as an anailís costais is tairbhe gur mó na tairbhí sochaíocha, comhshaoil agus eacnamaíocha a sholáthraíonn **Copernicus** ná na costais a ghabhann leis faoi 3,7 uair, d’ainneoin na sonraí agus na seirbhísí a bheith oscailte agus ar fáil saor in aisce. Ní hamháin go soláthraíonn Copernicus sonraí a úsáidtear i roinnt éiceachóras tionsclaíoch, ach spreagann sé freisin forbairt táirgí, próiseas, samhlacha gnó agus seirbhísí breisluacha nua, amhail beatha daoine a shábháil, cáilíocht saoil níos fearr do shaoránaigh an Aontais agus caillteanais laghdaithe ó thaobh na heacnamaíochta de trí thacú le tionscail Eorpacha. Thairis sin, chuir sé go mór le neamhspleáchas an Aontais ar thíortha eile le haghaidh sonraí geospásúla criticiúla.

Ní féidir ach meastachán a dhéanamh maidir le measúnú costais is tairbhe chomhpháirt **SSA** ós rud é nach bhfuil an tseirbhís ag feidhmiú go hiomlán go fóill. Léirítear leis an meastóireacht go gcruthóidh na hinfheistíochtaí ionchasacha tairbhí móra don gheilleagar agus don tsochaí, go háirithe mar gheall ar an laghdú ar imbhuailtí idir spásárthaí agus smionagar spáis, agus ar inlíochtaí seachanta imbhuailtí nach bhfuil gá leo. Meastar gurb é EUR 260,5 milliún atá sna costais charntha le haghaidh SSA idir 2014 agus 2027, agus gur fiú EUR 1542,84 milliún na tairbhí carntha.

Ós rud é go mbeidh **GOVSATCOM** ag feidhmiú in 2024, ní fhéadfaí na tairbhí ionchasacha a chainníochtú ná a thuar go fóill, ach rinneadh anailís orthu sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an Rialachán[18]. Beidh GOVSATCOM ríthábhachtach do shochaí na hEorpa, lena mbeifear in ann freagairt níos tapúla agus níos rialaithe a thabhairt ar éigeandálaí. Soláthróidh GOVSATCOM rochtain ráthaithe, lena n-áirítear rochtain do Bhallstáit nach dtairbhíonn dá gcórais cumarsáide satailíte féin, uathriail an Aontais, agus tairbhí móra foriomlána do shaoránaigh trí bhainistiú géarchéime agus seirbhísí éigeandála níos fearr a sholáthar. Tá coinne leis freisin go soláthrófar seirbhísí níos costéifeachtaí leis mar iarmhairt ar an iomaíocht ionsuite idir soláthraithe acmhainne éagsúla.

## 4. PRÍOMHTHORTHAÍ A BHAINEANN LE EUSPA

Ó bunaíodh í in 2002, rinneadh athruithe móra ar an nGníomhaireacht ó Chomhghnóthas Galileo go GSA agus ina dhiaidh sin lena héabhlóid go EUSPA. Leis an Rialachán, leathnaíodh raon feidhme chúraimí EUSPA ó dhéileáil le loingseoireacht satailíte den chuid is mó go comhpháirteanna uile an Chláir.

Le linn na tréimhse meastóireachta, d'éirigh go maith le EUSPA ar an iomlán agus baineadh a chuspóirí amach go rathúil i réimsí an tsaothraithe, na slándála agus an ghlactha margaidh. Baineadh é sin amach trí chur chun feidhme éifeachtach a chroíchúraimí agus na gcúraimí a cuireadh de chúram air a shainítear faoin gComhaontú Ranníocaíochta maidir le Creat Airgeadais, sa Chomhaontú Ranníocaíochta idir an Coimisiún agus EUSPA agus sa Chomhaontú Ranníocaíochta idir EUSPA agus GES a síníodh i mí an Mheithimh 2021. Maidir leis an mbainistíocht, ghlac an Ghníomhaireacht struchtúr eagrúcháin nua i mí Dheireadh Fómhair 2021 lena neartaítear feidhmeanna cothrománacha teicniúla agus lena ndaingnítear fás san fhoireann fhoriomlán.

Baineadh amach formhór mór spriocanna agus cuspóirí **chroíchúraimí EUSPA** – Creidiúnú slándála, Slándáil oibríochtúil do EGNSS, Oibriú Ionad Faireacháin Slándála Galileo, Gníomhaíochtaí PRS, cumarsáid, cur chun cinn agus forbairt margaidh agus Bainistiú gníomhaireachta – cé is moite de mhioneisceachtaí, mar gheall ar thosca seachtracha den chuid is mó (e.g., bhí tionchar beag ag ganntanas sliseanna ar fhás samhlacha de ghlacadóirí de chuid EGNOS sa Talmhaíocht agus san Fhoraoiseacht).

Cé go raibh **na gníomhaíochtaí glactha úsáideoirí agus margaidh a cuireadh de chúram ar Údarás Maoirseachta Galileo, réamhtheachtaí EUSPA,** dírithe ar Galileo agus EGNOS roimhe seo, leathnaítear leis an Rialachán gníomhaíochtaí EUSPA chuig comhpháirteanna

[18] SWD/2018/327 final an 6 Meitheamh 2018 – Measúnú Tionchair a ghabhann leis an doiciméad: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 912/2010, Rialachán (AE) Uimh. 1285/2013, Rialachán (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh 541/2014/AE

Copernicus agus GOVSATCOM lena n-áirithítear sineirgí agus lena dtugtar aghaidh ar phobal níos mó úsáideoirí. Comhlíonadh na gníomhaíochtaí uile a cuireadh de chúram ar EUSPA maidir le glacadh úsáideoirí agus forbairt an mhargaidh laistigh den bhuiséad agus in am den chuid is mó. Soláthraítear le Tuarascáil Mhargaidh EUSPA forbhreathnú cuimsitheach ar dhinimic sonraí, margaí iartheachtacha domhanda um Fhaire na Cruinne & GNSS, lena gcumhdaítear 15 dheighleog mhargaidh, lena n-áirítear deighleoga talmhaíochta & foraoiseachta, aeráide & comhshaoil, iarnróid, iompair phoiblí agus Bóthair & mótarfheithiclí. D'fhoilsigh EUSPA freisin Secure SATCOM Market and User Technology Report [Tuarascáil SATCOM Slán maidir le Margadh agus Teicneolaíocht Úsáideoirí] in 2023 mar ullmhúchán do ghlacadh margaidh GOVSATCOM agus IRIS[2].

Leis an Rialachán, leathnaíodh raon feidhme fhreagrachtaí an **Bhoird um Chreidiúnú Slándála** chuig na comhpháirteanna spáis uile. Is comhlacht neamhspleách laistigh de EUSPA é an Bord um Chreidiúnú Slándála a dhéanann maoirseacht ar ghníomhaíochtaí creidiúnaithe slándála le haghaidh chomhpháirteanna uile an Chláir. Léiríodh leis an meastóireacht go bhfeidhmíonn an Bord um Chreidiúnú Slándála go maith ar an iomlán agus go ndéantar faireachán leanúnach air chun a neamhspleáchas a áirithiú.

## 5. CONCLÚIDÍ

Leis an gClár, a bhfuil buiséad de bheagnach EUR 15 bhilliún ag gabháil leis, cuirtear an iliomad tairbhí ar fáil, ó fhaireachán comhshaoil agus cosaint aeráide go fás eacnamaíoch, nuálaíocht agus slándáil. Leis na tairbhí sin, leagtar béim ar a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí spáis chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda agus chun dlúth-ailíniú le tosaíochtaí an Aontais a áirithiú.

Léiríodh leis an bhfianaise a cuireadh i láthair sa mheastóireacht go n-éiríonn go maith le cur chun feidhme an Chláir maidir lena chuspóirí, agus go bhfuil na comhpháirteanna ag feidhmiú mar a bhí beartaithe, lena soláthraítear seirbhísí úrscothacha a thugann aghaidh ar riachtanais athraitheacha úsáideoirí.

De réir mar a fhormhínítear a thuilleadh sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis, d'éirigh leis an gClár na critéir uile maidir le Rialáil Níos Fearr a chomhlíonadh, rud a léiríonn éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, ábharthacht, agus breisluach AE. Mheall agus choinnigh sé líon méadaitheach úsáideoirí go héifeachtach, ag freastal ar riachtanais éagsúla agus athraitheacha ar fud feidhmchláir agus earnálacha éagsúla. Rinneadh na cúraimí arna gcur chun feidhme ag na heintitis ar cuireadh cúram orthu a ailíniú go maith lena gcomhaontuithe ranníocaíochta agus laistigh de bhuiséid leithdháilte, rud a ghineann tairbhí a bhí i bhfad níos mó ná na costais ghaolmhara. Léiríodh leis an meastóireacht freisin ábharthacht agus comhleanúnachas doshéanta an Chláir, ós rud é gur chuir sé go mór le haistrithe glasa agus digiteacha an Aontais, le hathléimneacht an Mhargaidh Aonair, le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, agus le ról an Aontais mar chumhacht spáis dhomhanda a neartú. Is léir breisluach AE an Chláir trí acmhainní náisiúnta teoranta a chomhthiomsú chun

leasa an Aontais agus na 27 mBallstát, le sonraí agus seirbhísí ar fáil saor in aisce a rannchuidíonn le geilleagar, tionscail agus saoránaigh an Aontais.

Cé go raibh cur chun feidhme an Chláir rianúil agus gur baineadh amach a chuspóirí, tá roinnt dúshlán fós ann. Toisc mhór moille agus bagairt ar uathriail an Aontais is ea an easpa shealadach **réitigh lainseálaithe Eorpaigh**, rud a chuireann teorainn le rochtain uathrialach an Aontais ar an spás. Ar ámharaí an tsaoil, dearadh an bonneagar le bheith láidir go leor chun moilleanna a sheasamh, ach ní san fhadtéarma. Áirítear foráil leis an Rialachán maidir le rochtain uathrialach ar an spás nach mór a shaothrú a thuilleadh.

Ba cheart tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh chun moilleanna neamhriachtanacha agus costais bhreise ar imscaradh agus nuachóiriú an bhonneagair a chosc. Is é is cúis leis na céimeanna ar gcúl sin den chuid is mó tosca seachtracha gan choinne amhail boilsciú nó ganntanais sa slabhra soláthair, rud a chuireann isteach ar chumas an tionscail cloí leis an sceideal atá beartaithe aige. Ina theannta sin, cuireann na **próisis soláthair** chasta fhada, a bhíonn ródhocht agus ró-mhionsonraithe go minic, leis na dúshláin sin. Tá ionstraimí nua á bhforbairt ag an gCoimisiún cheana féin chun an soláthar a dhéanamh níos lúfaire, níos tapúla agus níos oscailte do ghníomhaithe nua, mar an Córas Dinimiciúil Ceannaigh le haghaidh mhisin rannpháirteacha Copernicus.

Tá an líon **úsáideoirí** ag dul i méid, ach is féidir níos mó iarrachta a dhéanamh maidir le glacadh an mhargaidh agus na n-úsáideoirí le sonraí, seirbhísí agus feidhmchlár spásbhunaithe an Aontais, go háirithe sonraí agus crostoirchiú a chomhcheangal idir comhpháirteanna an Chláir chun seirbhísí trasnaí agus ildisciplíneacha a fhorbairt d'earnálacha neamhspáis. Nuair a fhoilseoidh EUSPA tuarascáil amháin ar an margadh aonair le haghaidh GNSS agus Fhaire na Cruinne mar aon le húsáideoirí Fhaire na Cruinne agus SST a chur san áireamh san Ardán Comhairliúcháin Úsáideoirí arna reáchtáil ag EUSPA, cuirfear borradh faoi shineirgí agus faoin gcrostoirchiú ar fud na gcomhpháirteanna.

Maidir le **EUSPA**, d'éirigh leis forbairt go rathúil ó GSA a bhí ann roimhe seo agus dul i mbun a chúraimí nua. Tá feidhmíocht fhoriomlán na Gníomhaireachta go maith, agus tá a spriocanna uile á mbaint amach aici, rud a sholáthraíonn luach uathúil i roinnt príomhréimsí. Cuireann sí í féin chun cinn mar Ghníomhaireacht oibríochtúil de chuid an Aontais atá dírithe ar an úsáideoir, agus díríonn sí ar thairbhí an Chláir a uasmhéadú d'úsáideoirí agus ar bhreisluach a chur leis do sholáthraithe seirbhísí nuálacha. Ina theannta sin, feidhmíonn sí mar ionad le haghaidh gníomhaíochtaí saothraithe, slándála agus glactha margaidh, ag soláthar seirbhísí ardcháilíochta agus láidre. Bainistíonn EUSPA méid mór cistí de chuid an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí spáis freisin, lena n-áirítear buiséad tarmligthe thart ar EUR 9 mbilliún don CAI atá ann faoi láthair. Mar sin féin, d'fhéadfaí iarrachtaí breise a dhéanamh chun an t-am chun tairiscintí a dheonú a laghdú a thuilleadh agus chun trédhearcacht i bpleanáil tairiscintí a fheabhsú. Ina theannta sin, d'fhéadfaí feabhsuithe a dhéanamh leis an mBord um Chreidiúnú Slándála trí ghnéithe cláir a chomhtháthú go luath ina chinnteoireacht.

Ar deireadh, tá forbairtí beartais ann ar leibhéal an Aontais a mbeidh tionchar acu ar Chlár Spáis an Aontais sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma freisin:

- Mar gheall ar an ngéarú le déanaí ar bhagairtí agus ar phlódú méadaitheach, rinne an tAontas gníomhaíochtaí breise chun a shócmhainní spáis a chosaint, a leasanna a chosaint agus gníomhaíochtaí naimhdeacha sa spás a dhíspreagadh. Baineadh an chéad gharsprioc amach i mí Feabhra 2022 nuair a foilsíodh **Cur chuig an Aontais i leith Bainistiú Spástráchta**[19] agus, dá bhrí sin, is gá an chomhpháirt SSA de Chlár Spáis an Aontais a chothú a thuilleadh.
- I mí an Mhárta 2023 glacadh an chéad **Straitéis Spáis riamh de chuid an Aontais um Shlándáil agus Cosaint**[20] inar aithníodh an spás mar réimse straitéiseach ar cheart leas breise a bhaint as a acmhainneacht chun tacú leis an tslándáil agus leis an gcosaint. Léiríodh cheana féin le Seirbhís Phoiblí Rialáilte (PRS) Galileo go bhfuil bonneagar sibhialtach in ann feidhmeanna míleata a mholadh agus i gcás IRIS² leanadh cur chuige 'dé-úsáid d'aon ghnó', agus an acmhainneacht cosanta a d'fhéadfadh a bheith ann á scrúdú ón tús. Sa Straitéis iarrtar ar an gCoimisiún freisin measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeadh seirbhís rialtais de chuid an Aontais um Fhaire na Cruinne ann sa todhchaí lena neartófaí feasacht staide an Aontais agus na mBallstát. Tá **athléimneacht** éiceachóras spáis an Aontais ríthábhachtach chun an Clár a chur chun feidhme. I gcomhthéacs na **Straitéise Eorpaí um an tSlándáil Eacnamaíoch** [21], chuir an Coimisiún teicneolaíochtaí spáis agus tiomána san áireamh ar liosta na ndeich réimse teicneolaíochta atá criticiúil le haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais. Ina theannta sin, d'fhorbair an Coimisiún an **Fhaireachlann um Theicneolaíochtaí Criticiúla**[22] mar uirlis le haghaidh uathriail straitéiseach thionsclaíoch an Aontais lena sainaithnítear teicneolaíochtaí criticiúla a bhaineann leis an spás agus leis an gcosaint, agus a bhfeidhmeanna féideartha, agus lena ndéantar faireachán rialta agus anailís orthu. Beidh tionchar ag an obair sin ar shainiú na gcoinníollacha rannpháirtíochta le haghaidh soláthairtí a dhéanfar faoi Chlár Spáis an Aontais.

Mar fhocal scoir, léirítear leis an meastóireacht ar an gClár gur éirigh leis a chuspóirí a bhaint amach, agus aghaidh á tabhairt aige ar dhúshláin inmheánacha agus sheachtracha araon agus ag rannchuidiú go mór le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, go háirithe le haistrithe córa glasa agus digiteacha agus le hiomaíochas inbhuanaithe agus athléimneacht an Aontais. Mheall agus choinnigh an Clár go héifeachtach líon méadaitheach úsáideoirí agus leathnaigh

[19] JOIN/2022/4 final an 15 Feabhra 2022 maidir le Cur Chuige AE i leith Bainistiú Spástráchta

[20] JOIN/2023/9 final an 10 Márta 2023 maidir le Straitéis Spáis an Aontais Eorpaigh um Shlándáil agus Cosaint

[21] JOIN/2023/20 final an 20 Meitheamh 2023 maidir le Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch

[22] COM/2021/70 final an 22 Feabhra 2021 Action Plan on synergies between civil, defence and space industries [Plean Gníomhaíochta maidir le sineirgí idir tionscail shibhialta, chosanta agus spáis]

sé rochtain chuig gníomhaithe nua freisin. Rinne EUSPA a chroíchúraimí agus na cúraimí uile a cuireadh de chúram air a chomhlíonadh go héifeachtach freisin agus neartaigh sé a inniúlachtaí agus a chumais.